C/2024/1798

27.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11490 — BLACKROCK / CANADIAN SOLAR / RECURRENT ENERGY

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1798)

1. An 19 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BlackRock Financial Management, Inc. ('BFM', na Stáit Aontaithe),

— Canadian Solar Inc. ('Canadian Solar', Ceanada),

— Recurrent Energy B.V. ('Recurrent Energy', Ceanada), faoi rialú Canadian Solar.

Gheobhaidh BFM agus Canadian Solar rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Recurrent Energy.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá BFM gníomhach i soláthar seirbhísí tiomsaithe punann, seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta,

— Tá Canadian Solar gníomhach i monarú modúl fótavoltach chomh maith le grianfhuinneamh agus réitigh stórála ceallraí, agus i bhforbairt tionscadal stórála gréine agus ceallraí ar scála fóntais.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó Recurrent Energy forbairt agus oibriú tionscadal stórála grianfhuinnimh agus stórála fuinnimh ar scála fóntais.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11490 — BLACKROCK / CANADIAN SOLAR / RECURRENT ENERGY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË